Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland:

Ray Harmon
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2025

Róisín Henehan
Comhalta Boird



SHOWKIDS

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland, aithním freagracht an Bhoird le cinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtúil maidir le rialú inmheánach de. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (arna leasú i 2020) san áireamh.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAÍ

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go dtí lamháltas inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin ní féidir leis an chóras ach cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifeadh mar is cóir, agus go gcuirfear cosc ar earráidí ábhartha no ar mhírialtachtaí nó go n-aimseofar taobh istigh de thréimhse thráthúil iad.

2024 and up to the date of approval of the financial statements.

Bhí an córas rialaithe inmheánach a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, NDP Seachadadh agus Leasú, i bhfeidhm i Fís Éireann/Screen Ireland don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus suas leis an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

BUN-NÓSANNA IMEACHTA SMACHTA

Tá timpeallacht smachta láidir bunaithe ag Fís Éireann/Screen Ireland san áisíneacht trí:

- Ag reáchtáil cruinnithe Boird rialta ina mbíonn cúrsaí straitéiseacha ar an chlár, macasamhail rialachas corparáideach, riosca, bainistíocht airgeadais agus straitéis chorparáideach.
- Cur i ngníomh Straitéis Chorparáideach Fís Éireann/Screen Ireland.
- Freagrachtaí bainistíochta atá leagtha amach go soiléir, údarás agus cuntasacht, tarmligeán feidhmeanna cuí agus athbhreithniú agus faomhadh bheartais Fís Éireann/Screen Ireland.
- Faomhadh buiséad bliantúil, réamhaisnéisiú sreabhaidh airgid agus caiteachas an chláir chaipitil le hathbhreithniú foirmeálta orthu seo ag gach cruinniú Boird.
- Obair An Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca, a bhuaile le chéile ceithre huairé i 2024.
- Comhlíonadh cláir iniúchadh inmheánacha. Bhí cruinnithe rialta idir an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus na hIniúcháirí Inmheánacha lena gclár oibre, torthaí a gcuid iniúchadh agus a gcuid moltaí a phlé agus reáchtáladh cruinniú príobháideach gan comhaltaí an fheidhmeannais.
- Feidhmiú córais bainistíochta riosca in éineacht le hathbhreithniú bliantúil an pholasaí riosca agus athbhreithniú rialta an chláir rioscaí.
- Monatóireacht chomhlíontachta le reachtaíocht ina áirítear Saoráil Faisnéise.
- Cur i bhfeidhm Pholasaí na Nochtuithe Cosanta, trína spreagann an áisíneacht aon duine a bhfuil amhras air de mheon macánta i dtaobh le calaois, mírialtacht airgeadais nó aon iompar nó cleachtas míchuí; chun seo a thuairisciú de réir na ngnásanna atá leagtha amach sa bheartas. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta i 2024.

- Géilleadh do chreat rialachais Fís Éireann/Screen Ireland.
- Cíoradh tomhaiste ar aon mholtaí a dhéanann an tIníúcháir Seachtrach.
- An ardbhainistíocht agus comhaltaí an fheidhmeannaigh ag síniú dearbhuithe rialaithe inmheánacha bliantúla.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

D'athbhreithnigh An Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca an Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar 21 Márta 2025 agus d'fhaomh an Bord Stiúrtha ar 9 Bealtaine 2025 é.

CÓRAIS BHAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS AGUS BHUISÉID

Úsáidtear córas buiséadach cuimsitheach bliantúil trína dhéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ioncam bliantúil, leithdháileadh buiséid, réamhaisnéisiú shreabhaidh airgid agus ar bhuiséad an chlár chaipitil ag tús gach bliain, agus déantar athbhreithniú foirmeálta ag gach cruinniú Boird ina dhiaidh sin. Tá beartais agus gnáis i bhfeidhm i dtaobh le cúrsaí buiséid agus airgeadais agus déantar soláthar de réir rialacha maidir le soláthar poiblí. Tá údarais tharmligthe in áit le híocaíochtaí cistithe a fhaomhadh ach go bhfuil faomhadh Boird riachtanach i gcás a leanas: cistiú forbartha atá thar €50k agus gach méid eile atá thar €25k. Athbhreithníonn an Feidhmeannas tuairiscí bainistíochta airgeadais ar bhonn rialta.

NÓSANNA IMEACHTA LE MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTÚLACHT AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Cuireadh an Plean Iníúcháireachta Inmheánach i bhfeidhm ina iomláine agus na hiniúchtaí a leanas tosaithe nó críochnaithe suas le dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais:

- Athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais 2023 (tosaithe i 2023 agus críochnaithe i 2024).
- Comhlíonadh an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Iasachtaí Léirithe/Forbartha (tosaithe i 2024 agus críochnaithe i 2025).
- Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (tosaithe i 2024 agus críochnaithe i 2025).

Ceadaíonn An Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca pleananna gníomhaithe le haghaidh a thabhairt ar mholtaí an iniúchta inmheánaigh. Athbhreithníonn na hiniúcháirí inmheánacha dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha aontaithe ar bhonn thréimhsiúil lastigh de thimthriall trí bliana.

Bhí an Plean Iníúcháireachta Inmheánach 2024 ag teacht leis na rioscaí a aimsíodh i gclár rioscaí Fís Éireann/Screen Ireland, i litir bhainistíochta Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus trí fhorbairt ginearálta a bhain le Rialachas Corparáideach. D'fhaomh An Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca an Plean Iníúcháireachta Inmheánach 2024 i mí Mhárta 2024. Ceapadh soláthraí iniúcháireachta inmheánaigh nua tar éis dheireadh na bliana 31 Nollaig 2024.

ACMHAINN CHUN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca (CIR/ARC) ag Fís Éireann/Screen Ireland atá comhdhéanta de bheirt chomhalta Boird agus beirt chomhalta sheachtracha, a bhfuil saineolas acu maidir le hairgeadas agus iniúcháireacht de. Thionól an CIR ceithre chruinniú i rith 2024.

Seachfhoinsigh Fís Éireann/Screen Ireland a feidhm inmheánach iniúcháireachta go dtí tríú páirtí neamhspleách atá cáilithe go hoiriúnach a chomhlíonann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR.

Déanann CIR maoirseacht ar an pholasáí bainistithe riosca do Fís Éireann/Screen Ireland a leagann amach a hinghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca de. Eisíodh an polasaí sin do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil a oibreoidh de réir polasaithe bainistíochta riosca Fís Éireann/Screen Ireland, a chuirfidh an



FRAN THE MAN



PUFFIN ROCK SEASON 3

lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun solais agus a smachtóidh laigí agus a ghlacfaidh freagracht as rioscaí agus srianta taobh istigh dá réimsí oibre féin. Rinneadh monatóireacht ar rioscaí aimsithe agus siúd a bhí ag teacht chun solais trí chumarsáid rialta idir an CIR, foireann an ardbhainistíochta agus Cathaoirleach an Bhoird i rith na bliana.

Rinneadh machnamh ar impleachtaí airgeadais a bhaineann le fiontair ghnó tríd an phróiseas mheasúnaithe riosca foirmeálta agus le linn ullmhú na bpleananna iniúchóireachta inmheánacha bliantúla. Forbraíodh sraith nósanna imeachta airgeadais chuimsitheach leis na próisis oibríochtúla airgeadais a rialú, ina áirítear teorainneacha údaraithe le haghaidh ceannaigh/caiteachais. Tá na nósanna imeachta seo faoi réir athbhreithnithe rialta.

CREAT RIALAITHE RIOSCA

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fís Éireann/Screen Ireland a aimsíonn príomhrioscaí agus a thuairiscíonn na gníomhartha bainistíochta atá á gcur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun na rioscaí sin a mhaolú an oiread agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aimsíonn na príomhrioscaí atá roimh Fís Éireann/Screen Ireland agus tá siad seo aimsithe, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Nuashonraíonn lucht bainistíochta an clár agus athbhreithníonn an CIR an clár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go mbainisteofar rioscaí lastigh de lamháiltais inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialúcháin agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun na rioscaí aimsithe a mhaolú agus na freagrachtaí atá tugtha do bhail shonracha foirne chun rialúcháin a chur i bhfeidhm. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Doiciméadú déanta ar nósanna imeachta a bhaineann le gach príomhphróiseas gnó agus déantar athbhreithniú rialta orthu,
- Freagrachtaí airgeadais atá sannaithe ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht dá réir,
- Córas cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a choinníonn lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú,
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- Córais in áit le sócmhainní a chosaint, agus
- Cuireann na nósanna imeachta a rialaíonn soláthar cistithe síos ar na srianta atá i bhfeidhm ina áirítear iad siúd a bhaineann le dearbhú iasachtaí/deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe le deimhniú gur úsáideadh an maoiniú iasachta/deontais le haghaidh an chuspóra a bhí beartaithe.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá gnáis fhoirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear easnaimh rialúcháin aimsithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as na srianta, agus don lucht bhainistíochta agus don Bhoird, mar is cuí, le réiteach ar bhealach thráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha a leanas faoi réir:

- Tá príomhrioscaí agus rialúcháin a bhaineann leo aitheanta agus tá próisis faoi réir chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialúchán sin agus le haon easnaimh a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht leagtha síos maidir le bainistiú airgeadais, agus
- Athbhreithníonn lucht ardbhainistíochta ar bhonn rialta feidhmiúlacht thréimhsiúil agus bliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmiú i gcomparáid le buiséid/réamhfhaisnéisí.

SOLÁTHAR

Dearbhaím go bhfuil gnáis faoi réir ag Fís Éireann/Screen Ireland chun comhlíontacht a chinntiú le rialacha agus treoirlínte reatha sholáthar na hearnála poiblí.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHACHT AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Dearbhaím go bhfuil gnáis ag Fís Éireann/Screen Ireland le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid gnás maidir le bainistiú riosca agus rialúchán de. Chuir an Bord féinmheastóireacht inmheánach i gcrích i 2023 agus thosaigh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird i mí Feabhra 2025 agus beidh sé críochnaithe i C4 2025. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Fís Éireann/Screen Ireland ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus ag an lucht ardbhainistíochta atá laistigh de Fís Éireann/Screen Ireland atá freagrach as an chreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR ÉIFEACTHACHT AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2024 i mí Feabhra 2025 agus faomhadh iad seo i mí Mhárta 2025. Ag tabhairt faoin athbhreithniú seo, chuir an Bord na gnéithe a leanas san áireamh:


- Polasaithe, córais agus gnáis bhainistíochta riosca
- Na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh
- Torthaí an iniúchta seachtraí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca
- Gnéithe eile an Struchtúir Rialachais agus an chórais rialaithe

CEISTEANNA MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Ní raibh aon chaillteanas ábhair, chalaosí nó sárúithe smachta aimsithe sa bhliain 2024.

Níor aithníodh aon laigí i dtaobh le rialú inmheánach a mbeadh faisnéisiú de dhíth orthu sna ráitis airgeadais i dtaca le 2024 de.

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland:



Ray Harman

Cathaoirleach

29 Meán Fómhair 2025





FIA'S FAIRIES S2

An tArd- Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur
faoi bhráid Thithe
an Oireachtais

FÍS ÉIREANN

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fís Éireann/Screen Ireland don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 mar atá riachtanach de réir fhorálacha Ailt 20 den Acht um Bhord Scannán na hÉireann 1980. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den/de

- Ráiteas ioncain agus caiteachais agus cúlchistí ioncam coinnithe
- Ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- Ráiteas maidir le seasamh airgeadais
- Ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- Na nótaí a bhaineann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaoíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus seasamh airgeadais Fís Éireann/Screen Ireland mar a bhí ar an 31 Nollaig 2024 agus maidir lena hioncam agus caiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (ISAnna) mar atá molta ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín atá leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Fís Éireann/Screen Ireland agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam dóthanach agus oiriúnach le bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil maidir le faisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag Fís Éireann/Screen Ireland i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá sí sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den chineál sin, agus i dtaobh le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú eisceachtaí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaca leis an méid sin.

Mark Brady

Thar ceann agus ar son
An Aird-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2025

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas maidir le rialachas agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as

- Ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos in Alt 20 an Achta um Bord Scannán na hÉireann 1980
- Cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cothrom de réir FRS102
- Rialtacht idirbhearta a chinntiú
- measúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh fóirsteanach maidir le cuntasáocht de, agus
- Úsáid cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a dheimhniú, ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Aird-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm de réir Alt 20 an Achta um Bord Scannán na hÉireann 1980 ráitis airgeadais Fís Éireann/Screen Ireland a iniúchadh agus tuarascáil ina dtaobh a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus mé ag déanamh an iniúchta, dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh de réir na n-ISA míshonrú ábhartha i ngach cás más ann dó. Is féidir le míshonruithe tarlú de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go bhféadfadh tionchar a bheith acu, ina n-aonair nó mar chomhiomlán, ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na n-ISA, cleachtaím breithiúnas gairmiúil agus cuirim sceipteachas proifisiúnta i bhfeidhm ar feadh an iniúchta. Nuair atá sé sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí míshonraithe ábhartha de na ráitis airgeadais, bíodh siad de bharr calaoise nó earráide; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúchta atá oiriúnach le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofaí míshonrú ábhartha de bharr calaoise níos airde ná i gcás ceann a tharlódh de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréaglériú, nó gabháil treise ar rialú inmheánach tarlú i gcás calaoise.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh le nósanna imeachta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí a bhaineann, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasóireachta a úsáideadh agus réasúnacht na meastúchán cuntasáochta agus nochtuithe a bhaineann leis.
- Nochtaim mo thuairim dheiridh ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasáochta, agus bunaithe ar an fianaise iniúchta atá aimsithe socraím an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ar bith ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú maidir le cumas Fís Éireann/Screen Ireland leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá ceanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha atá sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach bhfuil na nochtuithe dóthanach, ní mór dom mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thuairimí deiridh bunaithe ar an fianaise iniúchta atá aimsithe a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha tarlú sa todhchaí, áfach, a chiallódh nach mbeadh ar chumas Fís Éireann/Screen Ireland leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus an ahlaidh go dtugann na ráitis airgeadais léargas ar na hidirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar dhóigh a bhaineann amach léargas cothrom.



Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil rialachas mar chúram orthu maidir le, i measc nithe eile, scóp agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha maidir le rialú inmheánach de a aimsím le linn m'iniúchta.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil rialachas mar chúram orthu maidir le, i measc nithe eile, scóp agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha maidir le rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím le heisceacht freisin i gcás, i mo thuairim,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a bhí de dhíth orm le m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- Nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le go bhféadfaí iniúchadh tráthúil agus iomchuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- Nach n-aontaíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a léiríodh leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál tuairim dheiridh maidir le ráthaíocht atá bunaithe ar an fhaisnéis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm de réir na n-ISA an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, nuair atá sé sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile go bunúsach neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil sé míshonraithe ar aon slí eile. Sa chás, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim de tháta as go bhfuil míshonrú ábhartha maidir leis an fhaisnéis eile sin, tá sé de dhualgas orm an fhíric sin a chur in iúl.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím sa chás go n-aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar láimhseáladh gnó poiblí.

Le linn an iniúchaidh déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht aon idirbhearta airgeadais. Tuairiscím in aon chás a aithním cúinse ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí do na cuspóirí a bhí i gceist nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.



THE GONE S2



STOLEN LIVES

Ráitis Airgeadais Fís Éireann/ Screen Ireland

RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM AGUS
CAITEACHAS AGUS IONCAIM CHOINNITHE
Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

	Nótaí	Iomlán 2024 €000	Iomlán 2023 €000
Ioncam			
Deontas an Oireachtais	2	39,414	37,839
Acmhainní Dílse	3	1,502	3,001
Ioncam Oiliúna	4	57	64
Ioncam Eile	5	277	155
Maoiniú Glan Iarchurtha le haghaidh Oibleagáidí Scoir	13c	843	521
Ioncam Iomlán		42,093	41,580
Caiteachas			
Iasachtaí Léirithe	18	22,487	20,302
Iasachtaí Forbartha	18	3,417	6,351
Íocaíochtaí Caipitil Eile	8	8,641	5,633
Oiliúint	20	1,868	1,204
Riarachán	9	4,869	4,070
Eagraíochtaí, Síntiúis agus Taighde	10	222	108
Costais Mhargaíochta	11	599	691
Dímheas	14	248	221
Costais Shocair Scoir	13a	752	529
Caiteachas Iomlán		43,103	39,109
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Leithreasáí Aistriú (chuig)/ón Chúlchiste Chaipitil	17	(1,010) (3)	2,471 (72)
Barrachas/easnamh don bhliain tar éis leithreasáí		(1,013)	2,399
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2024		16,217	13,818
Iarmhéid Tugtha Ar Aghaidh ar an 31 Nollaig 2024		15,204	16,217

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na Ráitis i dtaobh Sreabhanna Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 23.

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland

Ray Harmon
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2025

Róisín Henehan
Comhalta Boird



SUNPHLOWERS

Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €000	2023 €000
Barrachas/(Easnamh) Coimeádtha		(1,010)	2,471
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí maidir le sochar scoir	13b	(235)	(133)
Athruithe ar na bunbhoinn thuisceana maidir le luach oibleagáidí sochar scoir faoi láthair		892	(603)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta iomlán sa bhliain		657	(736)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	13b	(657)	736
Ioncam Cuimsithe Eile don bhliain		(1,010)	2,471

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na Ráitis i dtaobh Sreabhanna Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 23.

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland

Ray Harmon
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2025

Róisín Henehan
Comhalta Boird



BORN THAT WAY

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní Seasta			
Trealamh	14	319	317
Sócmhainní Airgeadais	7	2,301	2,262
Sócmhainní Seasta Iomláin		2,620	2,579
Sócmhainní Reatha			
Airgead agus Comhluachanna in Airgead Tirim		22,038	20,223
Infháltais	16	499	659
Total Current Assets		22,537	20,882
Dlíteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Ioncam larchurtha		(208)	-
Suimeanna Iníoctha	15	(7,125)	(4,666)
Glansócmhainní Reatha		15,204	16,216
Iomlán Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha Roimh Phinsin		17,824	18,795
Sócmhainn larchurtha le haghaidh Maoinithe Pinsin	13c	8,349	8,162
Dlíteanais Phinsin	13b	(8,349)	(8,162)
Iomlán Glansócmhainní		17,824	18,795
In Ionannas le:			
Cúlchistí Airgeadais Coinnithe		15,204	16,216
Cúlchistí Caipitil	17	2,620	2,579
Iomlán		17,824	18,795

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na Ráitis i dtaobh Sreabhanna Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 23.

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland

Ray Harmon
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2025

Róisín Henehan
Comhalta Boird



TESTIMONY

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

	2024	2023
	€000	€000
Giansreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas	(1,010)	2,471
Ús Bainc Faighte	11	2
Dímheas	248	221
(Méadú)/Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	160	(345)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	2,459	2,195
Méadú/(Laghdú) ar Ioncam Iarchurtha	208	-
Giansreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí	2,076	4,544
Sreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí le Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(250)	(294)
Giansreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(250)	(294)
Sreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
Ús Bainc Faighte	(11)	(2)
Giansreabhanna Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin	(11)	(2)
Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead agus ar Chomhluachanna in Airgead Tirim	1,815	4,248
Airgead agus comhluachanna in airgead tirim ar 1 Eanáir 2024	20,223	15,975
Airgead agus comhluachanna in airgead tirim ar 31 Nollaig 2024	22,038	20,223

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na Ráitis i dtaobh Sreabhanna Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 23.

Thar ceann Bhord Fís Éireann/Screen Ireland

Ray Harmon
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2025

Róisín Henehan
Comhalta Boird



A QUIET LOVE

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

1. BEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Leagtar thíos faoi seo bunús na cuntasaíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasaíochta atá i bhfeidhm ag Fís Éireann/Screen Ireland. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i rith na bliana ar fad agus ar feadh na bliana roimhe. Rinne an áisíneacht anailís ar a caiteachas a bunaíodh ar an chineál caiteachais seachas ar bhonn cláir.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Fís Éireann/Screen Ireland de réir an Achta um Bord Scannán na hÉireann 1980, le ceannoifig ag An Chéad Urlár, Criú, Bóthar Pháirc an Tobair, Gaillimh H918K85.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fís Éireann/Screen Ireland mar atá leagtha amach de réir Alt 4 den Acht um Bord Scannán na hÉireann:

- Cúnamh agus spreagadh a thabhairt ar aon dóigh a shíleann sé a bheith oiriúnach le scannáin a dhéanamh sa Stát agus d'fhorbairt tionscail sa Stát le scannáin a dhéanamh, agus is féidir léi gabháil le haon ghníomhaíochtaí eile (ina measc bunú cartlainne scannán náisiúnta) a bhfuil sé údaraithe ag an Acht a dhéanamh.
- Aird ar an riachtanas le cultúr an náisiúin a léiriú trí mheán na scannánaíochta.
- A bheith rannpháirteach agus rannpháirtíocht a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha idirnáisiúnta de réir aon chuid dá fheidhmeanna de réir an Achta seo agus, mar is cuí, comhaontuithe a dhéanamh le comhlachtaí comparáideacha taobh amuigh den Stát, faoi réir thoilíú Aire na máthar-roinne agus iad siúd atá freagrach as airgeadas agus gnóthaí eachtracha.

Is í An Rannóg Scileanna i Fís Éireann/Screen Ireland an acmhainn oiliúna agus forbartha náisiúnta a bunaíodh go sonrach le haghaidh tionscal na scannánaíochta agus na teilifíse in Éirinn. Oibríonn an rannóg seo chun oiliúint agus modhanna tacaíochta agus tionscnaimh a aithint, a dhearadh agus a sholáthar do dhaoine gairmiúla Éireannacha trasna earnáil an scáileáin ar fad. Cuirtear cláir oiliúna ar fáil do chleachtóirí agus do chomhlachtaí le feabhas a chur ar a saineolas maidir le Scannánaíocht, Teilifís, Beochan agus Ábhar Scáileáin Idirghníomhach.

Eintiteas Leasa Poiblí is ea Fís Éireann/Screen Ireland.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fís Éireann/Screen Ireland don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102, an caighdeán maidir le tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm sa RA agus i bPoblacht na hÉireann atá eisithe ag an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

c) Airgeadra

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€) arb é airgeadra feidhme Fís Éireann/Screen Ireland é. I gcásanna ar slánaíodh méideanna suas go dtí an míle Euro is gaire, léirítear seo leis an siombail €'000.



THE LAST HARVEST

d) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin mhodh fhabhráithe chuntasaíochta agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin maoin, gléasra agus trealamh a luaitear ag luach/costas lúide dímheas carntha san fhoirm atá faofa ag an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt le haontú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Fhorbartha Náisiúnta agus Athchóirithe de réir ailt 20 an Achta um Bord Scannán na hÉireann 1980.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta. Níor tharla aon teagmhais idir dáta tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo agus an dáta ar faomhadh iad le haghaidh eisiúna a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais de dhíth mar thoradh orthu. Mheas an Bord na gnéithe domhanda ginearálta agus boilscitheacha ar luach fuinnimh agus earraí eile go háirithe, maoiniú na háisíneachta amach anseo agus a pleanáil straitéiseach agus oibriúcháin agus bá é a tháthar nach bhfuil aon éiginnteachtaí ábhartha a d'fhéadfadh aon amhras suntasach a léiriú ar a chumas leanúint ar aghaidh leis an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta go ceann tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ón dáta a cheadaítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a rinneadh machnamh ar mhíreanna ar measadh iad a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Fís Éireann/Screen Ireland.

Roinntear caiteachas a aithnítear sa chuntas loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Caipitil Coinnithe idir chaipiteal agus riarachán ar an bhonn seo a leanas. Déanann an ghné chaipitil taifead ar eisiócaíochtaí iasachtaí forbartha agus léirithe an Bhoird, ar oiliúint agus ar íocaíochtaí caipitil eile.

Déanann an ghné Riaracháin taifead ar na hidirbhearta riaracháin i dtaca le Fís Éireann.

e) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear Deontais ón Oireachtas, a fhaightear ón mháthair-roinn, ar bhonn fáltas airgid. Faightear sa bhliain lena mbaineann sé.

Aisíocaíocht Iasachtaí

Aithnítear aisíocaíochtaí ar iasachtaí a eascraíonn as díolacháin tráchtála ar scannáin an Bhoird ar bhonn fáltas airgid.

Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhráithe ag baint feidhm as an mhodh ghlanráta úis.

Ioncam Iarchurtha

Aithnítear ioncam mar ioncam iarchurtha sa chás go bhfuarthas ioncam chun tosaigh agus tá sé san áireamh mar chuid den tsuim iníochta sa Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais. Aithnítear mar ioncam iarchurtha aon mhaoiniú a fhaightear faoi Chistiú na hEorpa Cruthaithí a bhaineann leis an bhliain ina dhiaidh sin.

Aithnítear caiteachas a thabhaítear nuair nach bhfuarthas an t-ioncam ábhartha mar ioncam fabhráithe agus léirítear mar Infháltas sa Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais é.

Ioncam Eile

Aithnítear gach ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh agus dímheas

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnaithe, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar i dtaobh lagú.

Soláthraítear dímheas ar bhonn líne díreach ar rátaí a mheastar a laghdóidh na sócmhainní go dtí luach inréadaithe um dheireadh a saol úsáideach. Is iad seo a leanas na rátaí atá ann:

- (i) Troscán 20% na bliana
- (ii) Ríomhairí 33% na bliana



THE SONG CYCLE

Léiríonn luach iarmharach ag deireadh gach bliain an suim mheasta a gheofaí dá ndíúscrófaí sócmhainn, tar éis costais mheasta dhiúscartha a bhaint as, mura bhfuil deireadh a shaoil úsáide bainte amach fós.

Déantar athbhreithniú do laigí ar luachanna tugtha anonn don Mhaoín, Ghléasra agus Trealamh nuair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach bhfuil an luach atá tugtha anonn inghnóthaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ar laghdú luach sócmhainne, aithnítear cailliúint lagaithe sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe sa bhliain.

Caipitlítear sócmhainní a chosnaíonn níos mó ná €1,000 ar chlár na sócmhainní seasta.

g) Sócmhainní Léasaithe

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe thar ré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne díreach thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil arduithe costais cíosa a bhaineann leis an ráta boilscithe a rabhthas ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fuarthas thar ré an léasa.

h) Sócmhainní Airgeadais

Meastar Sócmhainní Airgeadais atá i bhfoirm infheistíochta scannán, meastar iad ar luach cóir atá bunaithe ar fheidhmíocht stairiúil leabhar iasachta an Bhoird. Déantar forálach atá bunaithe ar an chéatadán dhóchúil iasachtaí a aisíocfar agus déantar cuntasáocht ina leith seo tríd an Chúlchiste Chaipitil.

Braitheann aisíocaíochtaí ar iasachtaí léirithe ar rath tráchtála na scannán lena mbaineann siad agus déantar gach aisíocaíocht de réir théarmaí na gcomhaontuithe iasachta. Go hiondúil, ní bhíonn na hiasachtaí sin faoi réir tháillí úis, ach bíonn bearta san áireamh le haghaidh aisghabhála agus rannpháirtíocht i roinnt brabúis.

Bíonn iasachtaí forbartha inaisíochta ar an chéad lá príomhscannánaíochta de réir théarmaí na gcomhaontuithe iasachta. Níl na hiasachtaí sin faoi réir tháillí úis.

i) Airgeadra Eachtrach

Nuair a ainmnítear idirbhearta in airgeadra eachtrach aistrítear go dtí an t-airgeadra feidhme iad ag baint úsáid as na spotrátaí malairte ar dháta na n-idirbheart. Ag deireadh gach bliana airgeadais, aistrítear nithe airgeadaíochta atá in airgeadra eachtrach go dtí Euro ag úsáid an ráta reatha. Aistrítear earraí neamhairgeadaíochta a measadh de réir chostais stairiúil ag baint úsáid as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus meastar earraí neamhairgeadaíochta a measadh de réir luacha cóir, meastar iad ag baint úsáid as an ráta malairte nuair a socraíodh luach cóir.

j) Breithiúnais agus Meastacháin Ríthábhachtacha Cuntasáochta

Déanann Fís Éireann/Screen Ireland conarthaí i dtaobh le conarthaí a bhronntar do thograí a bhaineann le maoiniú a chuireann an áisíneacht ar fáil. Léirítear caiteachas sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear é. Déantar íocaíochtaí ar bhonn céimnithe de réir an chonartha aontaithe agus déantar íocaíocht nuair a thosaítear agus nuair a chríochnaítear é. Is trí vóta caipitil Fís Éireann/Screen Ireland a mhaoinítear costais a thabhaíonn an áisíneacht i mbainistiú cistithe tograí agus léirítear iad seo sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

k) Sochair Fostaí - sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain inar thug an fostaí seirbhís, agus áirítear sochair fhabhráithe ag deireadh na bliana sa tsuim iníochta sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.



I'M YOURS STILL

l) Sochair Scoir

Roimhe seo bhunaigh Fís Éireann/Screen Ireland a scéim pinsin le sochar sainithe féin, a mhaoineáir go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgid a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail bhail na foirne. Íoctar ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball leis an Roinn Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt.

Oibríonn Fís Éireann/Screen Ireland Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí (“An Scéim Aonair”) freisin, ar scéim shochair shainithe í d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar nó tar éis 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Chaiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Fhorbartha Náisiúnta agus Athchóiriú.

Tugann costais phinsin léargas ar na sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus taispeántar iad tar éis ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar ais go dtí an Roinn Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt. Aithnítear suim ab ionann í agus an muirear pinsin sa mhéid is go bhfuil sí in-aisghabháilte agus fritháirithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a éiríonn as dlíteanais na scéime sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú dá réir maidir leis an méid inaisghabháilte ón Roinn Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt.

Léiríonn na ráitis airgeadais na sócmhainní agus dlíteanais ag luach cóir a éiríonn as oibleagáidí pinsin Fís Éireann/Screen Ireland agus as aon mhaoiniú coibhneasach, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Ríomhtar dlíteanais shochair na scéime pinsin ar bhonn achtúireachta ag baint úsáid as modh na n-aonad réamhmheasta creidmheasa. Cuireann sócmhainn Mhaoiniú larchurtha Sochar Scoir cómhaoiniú ar fáil de thairbhe go bhfuil na dlíteanais phinsin deimhnithe de réir an Stáit.

m) Infháiltas

Aithnítear infháiltas ar luach cóir, lúide foráil d’fhiacha amhrasacha. Is foráil ar leith an fhoráil d’fhiacha amhrasacha agus cuirtear i bhfeidhm í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Fís Éireann/Screen Ireland in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach corraí mar gheall ar fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

n) Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí sna ráitis airgeadais nuair:

- ata oibleagáid reatha ar an áisíneacht (dleathach nó cuiditheach) de bharr iarimeachta;
- ata seans ann go mbeidh gá le haistriú leasa eacnamaíochta chun an oibleagáid a réiteach; agus
- is féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh ar shuim na hoibleagáide.

Déanann Fís Éireann/Screen Ireland soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, a bhfuil a fhios aige atá gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go hiondúil déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar eolas ábhartha cuí, coigeartaithe le haghaidh na dtreochtaí is déanaí mar is cuí. Is meastacháin iad, áfach, ar imeachtaí go mb’fhéidir nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta eile. Dá bharr sin, agus mar gheall ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d’fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an fíor-tháirgeacht agus í sin a measadh.

o) Teagmhais

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha, a éiríonn de bharr iarimeachtaí, nuair (i) nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní airgeadais nó nach féidir an méid a mheas go hiontaoifa ar dháta na tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar an bheithsine trí tharlú nó neamhtharlú eachtraí neamhchinnte san am atá le teacht nach bhfuil go hiomlán faoi smacht na háisíneachta.



WHIDDY

Foilsítear dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is beag an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní airgeadais.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Foilsítear sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh leasa eacnamaíochta.

p) Páirtithe gaolmhara

Foilsítear bearta páirtithe gaolmhara sna nótaí a théann leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102.

q) Airgead agus comhluachanna in airgead tirim

Is ionann airgead tirim agus airgead tirim féin mar aon le héarlaisí atá inaisíoctha ar éileamh.

r) Cáin

Tá Fís Éireann/Screen Ireland díolmhaithe ó chánachas go sainsiúil faoi fhorálacha ailt 32, sceideal 2 an Achta Airgeadías 1994 trí ionstraim reachtuil 148/1997. Dá réir sin, níl aon mhuirear cána san áireamh sna ráitis airgeadais.

s) Breithiúnais agus Meastacháin Cuntasaíochta Ríthábhachtacha

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn thuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear mar ioncam agus costais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh difríochtaí bheith idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid Shochair Scoir

Nuashonraítear na boinn thuisceana bhunúsacha a bhaineann leis na luachálacha achtúireachta ar a bhunaítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treochtaí rátaí costais do chúram shláinte) ar bhonn bliantúil de réir coinníollacha reatha eacnamaíochta, agus de réir aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir. Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn thuisceana sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo;
- (iii) treochtaí i gcostais chúraim sláinte, ráta boilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

In-aisghabhálacht fhiacha


Déantar an fhoráil do dhrochfhiach amach de réir súilíochtaí lucht bainistíochta ar in-aisghabhálacht an fhiachais. Ar dhéanamh amach na forála do dhrochfhiach, cuimhnítear ar na factóirí a leanas: próifíl aoise an fhiachais, taithí stairiúil, cúinsí reatha an fhéichiúnaí agus dálaí reatha sa mhargadh.

Dímheas agus luach iarmharach

Rinne an Bord athbhreithniú ar shaolta sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha a bhaineann leo do na haicmí sócmhainní seasta go léir, ag díriú go háirithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas agus bá é a tháil go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha sásúil.

t) Cuntais Bhainc

Mar aon leis na cuntais bainc ar le Fís Éireann/Screen Ireland iad atá i mBanc-Aontas Éireann, is féidir le Fís Éireann/Screen Ireland a bheith ina comhshínitheoir ar chuntas bainc comhlachta léirithe ach nach úinéir a leithéid de chuntas í.



TURNAROUND

u) Polasaí Cúlchistí

Tá polasaí ag Fís Éireann/Screen Ireland le cúlchistí a bhainistiú chun cinntiú go mbeidh a dóthan acmhainn airgeadais ag an áisíneacht lena riachtanais maoinithe a chomhlíonadh sa chás go mbeadh cúinsí ann nach rabhthas ag súil leo, amhail luaineachtaí maoinithe nó cúluithe eacnamaíochta. Cuireann an cúlchiste solúbthacht ar fáil freisin le ceangaltais mhaoinithe agus sreabhadh airgid a bhainistiú thar bhlianta féilire, nuair a chuimhnítear ar nádúr cistithe scannánaíochta agus ar na factóirí seachtracha a théann i bhfeidhm ar an amlíne ó bronnadh an chistithe go dtí tarraingt anuas an mhaoinithe. Úsáidtear na cúlchistí chomh maith chun cobhsaíocht airgeadais fadtéarmach a chur chun cinn agus le deiseanna infheistíochta straitéiseacha a ghlacadh do thionscal scannán, teilifíse agus beochana na hÉireann.

Is í aidhm Fís Éireann/Screen Ireland a Cúlchiste Ginearálta a choinneáil ar leibhéal ab ionann é agus 5% dá teacht isteach bliantúil, a thagann as a deontas ón Oireachtas agus 100% den aisíocaíocht ar iasachtaí a fhaightear i rith na bliana. Nuair a théann an cúlchiste thar an spriocleibhéal seo, déantar machnamh ar chistí breise a athinfheistiú i dtionscnaimh a ailíníonn le spriocanna straitéiseacha Fís Éireann.

2. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Tá na Deontais Oireachtais a vótáil an Roinn Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt do Fís Éireann/Screen Ireland mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais iad comhdhéanta de:

	2024 €000	2023 €000
Cuspóirí Reatha		
Deontais do Chaiteachas Reatha	5,488	4,888
Lúide: Glan-ranníocaíochtaí Aoisliúntais inaisíoctha	(132)	(107)
Iomlán	5,356	4,781
Cuspóirí Caipitil		
Deontais do Chaiteachas Chaipitiúil	34,058	33,058

3. ACMHAINNÍ DÍLSE

	2024 €000	2023 €000
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí	1,489	2,996
Muirir Airgeadais Réamh-Léiriúcháin	13	5
Iomlán	1,502	3,001

4. IONCAM OILIÚNA

	2024 €000	2023 €000
Ioncam ó Tháillí Chúrsaí Oiliúna	17	18
Cómhainitheoirí/Comhpháirtíochtaí	40	40
Ioncam Oiliúna Eile	-	6
Iomlán	57	64

5. IONCAM EILE

	2024 €000s	2023 €000s
Ioncam Frameworks RTÉ	51	51
Creative Europe	208	93
Ioncam Riaracháin Eile	7	9
Ús Bainc	11	2
Iomlán	277	155

6. TEORANNÚ AR AIRGEAD A SHOLÁTHRAÍONN AN BORD

De réir Ailt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann 1980, mar atá leasaithe, ní rachaidh uasmhéid aon infheistíochtaí, iasachtaí, deontais agus barántais (lúide aisghabhálacha) thar €500,000,000. Ar an 31 Nollaig 2024 bhí suim de €

7. INFHEISTÍOCHT SCANNÁN

	Iasachtaí Léirithe €000	Iasachtaí Forbartha €000	Iomlán €000
Réamhíoctha i rith na bliana	22,487	3,417	25,904
Aisghabháil i rith na bliana	(707)	(782)	(1,489)
Soláthar don bhliain	(21,476)	(2,900)	(24,376)
Gluaiseacht i rith na bliana	304	(265)	39
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2024	1,723	539	2,262
Iarmhéid ar an 31/12/24	2,028	273	2,301

8. IOCAÍOCHTAÍ CAIPITIL EILE

Mar aon leis na híocaíochtaí a rinneadh mar lasachtaí Léirithe agus Forbartha, rinne an Bord na híocaíochtaí caipitil eile a leanas i rith na bliana.

	2024 €000	2023 €000
Eagraíochtaí Eorpacha		
Comhairle na hEorpa	430	1,322
Deasc na hEorpa Cruthaithí Bhaile Átha Cliath	36	34
Deasc na hEorpa Cruthaithí na Gaillimhe	14	12
Cur Chun Cinn Scannán na hEorpa	7	13
European Observatory	38	33
Eile	13	25
